AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.10.2025
COM(2025) 656 final

2025/0333 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 24ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú agus sna Prótacail a ghabhann leis

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 24ú Cruinniú de na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ('Coinbhinsiún Barcelona') agus sna Prótacail a ghabhann leis, i dtaca le glacadh beartaithe na gcinntí seo a leanas:

- cinneadh lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch sa Mheánmhuir;
- cinneadh lena ndéantar athbhreithniú ar na limistéir a áirítear sa Liosta na Limistéar atá faoi Chosaint Speisialta a bhfuil Tábhacht leo sa Mheánmhuir (LCSTM) agus lena dtugtar cothrom le dáta na pleananna gníomhaíochta agus na straitéisí réigiúnacha, a glacadh faoin bPrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch sa Mheánmhuir;
- cinneadh lena leasaítear an fhormáid tuairiscithe d'Airteagail 6, 7, 11 agus 15 den Phrótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh;
- cinneadh lena dtugtar rialacha nós imeachta an Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Barcelona cothrom le dáta.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. Coinbhinsiún Barcelona agus na Prótacail a ghabhann leis maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch sa Mheánmhuir agus maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh

Is é atá i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna seacht bPrótacal a ghabhann leis, a glacadh mar chuid de Phlean Gníomhaíochta na Meánmhara, an príomh-chomhaontú iltaobhach atá ceangailteach ó thaobh dlí de le haghaidh na Meánmhara.

Is creat dlíthiúil faoi Choinbhinsiún Barcelona é an *Prótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch sa Mheánmhuir* ('Prótacal SPA/BD') arb é is aidhm dó an bhithéagsúlacht mhuirí agus chósta i réigiún na Meánmhara a chaomhnú

Is creat dlíthiúil faoi Choinbhinsiún Barcelona é an *Prótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh* ('Prótacal LBS') arb é is aidhm dó gach beart iomchuí a dhéanamh chun truailliú aibhneacha, bunaíochtaí cósta, pointí sceite nó aon fhoinse agus gníomhaíocht ar talamh eile a chosc, a laghdú, a chomhrac agus a dhíothú.

Is páirtí é an tAontas Eorpach i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna prótacail thuas a ghabhann leis.

2.2. Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis

Le cruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, tugtar airí agus oifigigh shinsearacha le chéile a dhéanann ionadaíocht ar gach Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis.

De réir Airteagal 18(2)(iii) de Choinbhinsiún Barcelona, is féidir le Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha aon cheann de na prótacail a leasú (de réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 23 de Choinbhinsiún Barcelona) de réir mar is gá.

De bhun Airteagal 25 de Choinbhinsiún Barcelona, feidhmeoidh an tAontas Eorpach ('an tAontas') a cheart vótála agus beidh líon vótaí aige atá cothrom le líon a chuid Ballstát atá ina bpáirtithe conarthacha sa Choinbhinsiún sin agus i gceann amháin nó níos mó de na prótacail a ghabhann leis. Ní fheidhmeoidh an tAontas a cheart vótála nuair a fheidhmeoidh a chuid Ballstát a gceart vótála féin, ná ní fheidhmeoidh a chuid Ballstát a gceart vótála nuair a fheidhmeoidh an tAontas a cheart vótála féin.

De bhun Airteagal 22 de Choinbhinsiún Barcelona, glacfar leasuithe ar phrótacal le tromlach trí cheathrú de vótaí na bpáirtithe conarthacha sa phrótacal lena mbaineann.

2.3. An gníomh atá beartaithe deChruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis

Ag an 24ú Cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, an 2-5 Nollaig 2025, meastar go nglacfar roinnt cinntí, lena n-áirítear cinntímaidir le leasú ar Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Prótacal SPA/BD; nuashonrú na bpleananna gníomhaíochta agus na straitéisí réigiúnacha a glacadh faoin bPrótacal céanna sin lena n-áirítear formhuiniú an Chláir Gníomhaíochta Straitéisigh Tar Éis 2020 le haghaidh Chaomhnú na Bithéagsúlachta agus Bainistiú Inbhuanaithe na nAcmhainní Nádúrtha i réigiún na Meánmhara (SAPBIO); athbhreithniú na formáide tuairiscithe le haghaidh Phrótacal LBS agus nuashonrú Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Barcelona ('na gníomhartha atá beartaithe').

Is é is cuspóir don chéad ghníomh atá beartaithe Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Prótacal SPA/BD a leasú, chun trí speiceas d'iasc loingeánach agus sé speiceas spúinsí a chur san áireamh in Iarscríbhinn II lena mbunaítear an "Liosta speiceas atá i mbaol nó faoi bhagairt", agus chun ceithre iasc loingeánach a bhogadh ó Iarscríbhinn III lena mbunaítear an "Liosta speiceas a bhfuil a saothrú á rialú" go hIarscríbhinn II a ghabhann leis an bPrótacal.

Is é is cuspóir don dara gníomh atá beartaithe, ar an gcéad dul síos, gnáth-athbhreithniú tréimhsiúil agus athbhreithniú urghnách na limistéar a áirítear i Liosta LCSTM agus, ar an dara dul síos, na pleananna gníomhaíochta agus na straitéisí réigiúnacha[1] a glacadh faoi Phrótacal SPA/BD a thabhairt cothrom le dáta, agus Clár Gníomhaíochta Straitéiseach Tar Éis 2020 le haghaidh Chaomhnú na Bithéagsúlachta agus Bainistiú Inbhuanaithe na nAcmhainní Nádúrtha i réigiún na Meánmhara á chur san áireamh.

[1] Is iad sin (i) an Plean Gníomhaíochta um Chaomhnú na mBithchoincréitithe Coiréilíneacha agus na mBithchoincréitithe Cailcreacha eile sa Mheánmhuir, (ii) an Plean Gníomhaíochta chun Turtair Mhara na Meánmhara a Chaomhnú, (iii) an Plean Gníomhaíochta chun Iasc Loingeánach (Chondrichthyans) sa Mheánmhuir a Chaomhnú, agus (iv) an Straitéis Réigiúnach chun an Rón Manaigh sa Mheánmhuir a Chaomhnú.

Is é is cuspóir don tríú gníomh atá beartaithe, athbhreithniú a dhéanamh ar an bhFormáid Tuairiscithe le haghaidh Airteagail 6, 7, 11, agus 15 de Phrótacal LBS, a bunaíodh cheana i gcomhréir le hAirteagal 26 de Choinbhinsiún Barcelona, ós rud é go bhfuil tuairisciú ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin agus a Phrótacail sainordaitheach. Tá an fhormáid tuairiscithe nua le glacadh tar éis don 22ú agus don 23ú Comhdháil de na Páirtithe sraith pleananna bainistíochta réigiúnacha a ghlacadh i mí na Nollag 2021 agus i mí na Nollag 2023[2], faoi seach.

Is é is cuspóir don cheathrú gníomh atá beartaithe, Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Barcelona a thabhairt cothrom le dáta, chun iad a ailíniú leis na Nósanna Imeachta agus Sásraí athbhreithnithe maidir le Comhlíonadh faoi Choinbhinsiún Barcelona agus na Prótacail a ghabhann leis.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Thug an tAontas aitheantas arís agus arís eile don ghá atá leis an mbithéagsúlacht mhuirí agus éiceachórais mhuirí sa Mheánmhuir a chosaint agus is ceanglas é faoi láthair faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (TRSM, Treoir 2008/56/CE).

Léiríonn na leasuithe ar Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Prótacal SPA/BD an staid chriticiúil ina bhfuil na speicis lena mbaineann i ndiaidh na hanailíse ordaithí.

Thug an 22ú Comhdháil de na Páirtithe sainordú i mí na Nollag 2021 chun ceithre phlean gníomhaíochta réigiúnacha chun speicis éagsúla nó grúpaí speiceas sa Mheánmhuir[3] a chaomhnú a thabhairt cothrom le dáta. Rinneadh measúnú ar an dul chun cinn maidir leis na pleananna a bhí ann roimhe seo a chur chun feidhme agus tar éis comhairliúcháin a dhéanamh, moladh na pleananna gníomhaíochta a thabhairt cothrom le dáta chomh maith le hamchlár chun iad a chur chun feidhme.

Tá gá le teimpléad chun tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme na bpleananna bainistíocha réigiúnacha nua a glacadh ag an 22ú agus ag an 23ú Comhdháil de na Páirtithe i mí na Nollag 2021 agus i mí na Nollag 2023, faoi seach. Tá an teimpléad sin á mholadh lena ghlacadh ag an 24ú Comhdháil de na Páirtithe.

I bhfianaise an 24ú cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, is gá seasamh a bheith ag an Aontas maidir leis na gníomhartha atá beartaithe ós rud é go leasófar na hIarscríbhinní a ghabhann le Prótacal SPA/BD agus le Prótacal LBS leo. Thairis sin, cuireann na pleananna gníomhaíochta réigiúnacha cothrom le dáta Prótacal SPA/BD chun feidhme.

Dá bhrí sin, beidh na leasuithe sin ina gceangal ar an Aontas de bhun Airteagal 29 de Choinbhinsiún Barcelona. Ós rud é go dtabharfar ceanglais a bhaineann le cosaint na Meánmhara cothrom le dáta leis na leasuithe ar na hiarscríbhinní, agus, dá bhrí sin, go n-athrófar leo gealltanais agus uaillmhianta idirnáisiúnta an Aontais chun cosaint níos fearr a thabhairt don mhuirthimpeallacht, moltar go dtacóidh an tAontas le glacadh na ngníomhartha atá beartaithe.

Leis an nuashonrú ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Barcelona, déantar na rialacha a ailíniú leis na ‘Nósanna Imeachta agus Sásraí maidir le

[2] Is iad sin na Pleananna Réigiúnacha Meánmhara chun iad seo a leanas a bhainistiú: 1) Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh 2) Sloda Séarachais; 3) Bruscar Muirí; 4) An Talmhaíocht; 5) Dobharshaothrú; agus 6) Uisce Stoirme Uirbeach.

[3] Is iad sin an bithchoincréitiú coiréilíneach agus bithchoincréitithe cailcreacha eile, turtair mhara, iasc loingeánach (Chondrichthyans) agus rón manaigh.

Comhlíonadh' a ghlac an 23 Comhdháil de na Páirtithe in 2023[4] agus is é is aidhm dóibh feabhas a chur ar éifeachtacht agus feidhmiú an Choiste um Chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leo.

Le formáid tuairiscithe athbhreithnithe Phrótacal LBS, éascófar obair Rúnaíocht Barcelona agus na bpáirtithe conarthacha tríd an bhfaisnéis a bheidh le tuairisciú, lena n-áirítear struchtúr na faisnéise sin, a chaighdeánú. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leo.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[5].

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is é atá i gCruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, comhlacht arna chur ar bun le comhaontú, is é sin Coinbhinsiún Barcelona.

Gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo is ea na gníomhartha a iarrtar ar Chruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona a ghlacadh.

Maidir leis an gcéad ghníomh atá beartaithe, beidh na leasuithe ar na hiarscríbhinní a ghabhann le Prótacal SPA/BD ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 23(1) agus (2) de Choinbhinsiún Barcelona. De bhun Airteagal 23(1) de Choinbhinsiún Barcelona, is cuid dhílis den Choinbhinsiún nó den Phrótacal ábhartha iad na hiarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus leis na Prótacail. De bhun Airteagal 23(2) de Choinbhinsiún Barcelona, tagann aon leasú ar na hiarscríbhinní a ghabhann le Prótacal i bhfeidhm agus dá réir sin, bíonn sé ceangailteach ar na páirtithe nach mbeidh fógra curtha isteach acu i gcomhréir le hAirteagal 23(2)(iv) tar éis don tréimhse ama dá dtagraítear san fhoráil sin dul in éag.

Maidir leis an dara gníomh atá beartaithe, baineann an cinneadh sin le gnáth-athbhreithniú tréimhsiúil agus athbhreithniú urghnách na limistéar a áirítear i Liosta LCSTM agus na pleananna gníomhaíochta agus na straitéisí réigiúnacha[6] a glacadh faoi Phrótacal SPA/BD a

---

[4] Cinneadh IG.26/1 maidir le Comhlíonadh agus Tuairisciú (https://wedocs.unep.org/bitstream/handle/20.500.11822/44714/23ig26_22_2601_eng.pdf)

[5] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin* v *an Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

[6] Is iad sin (i) an Plean Gníomhaíochta um Chaomhnú na mBithchoincréitithe Coiréilíneacha agus na mBithchoincréitithe Cailcreacha eile sa Mheánmhuir, (ii) an Plean Gníomhaíochta chun Turtair Mhara na

thabhairt cothrom le dáta. Le cur san áireamh limistéir i Liosta LCSTM, faoi Airteagal 9(5) de Phrótacal SPA/BD, cuirtear d'oibleagáid ar na páirtithe a bhfuil an moladh á dhéanamh acu bearta cosanta sonracha a chur chun feidhme agus ceanglaítear ar pháirtithe conarthacha cloí le rialacha bunaithe, rud a thugann éifeachtaí dlíthiúla don chinneadh de réir Airteagal 218(9) CFAE. Thairis sin, le hAirteagal 12(1) de Phrótacal SPA/BD tugtar sainordú maidir le bearta comhair chun flóra agus fána a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an bPrótacal a chosaint, agus Pleananna Gníomhaíochta agus Straitéisí Réigiúnacha ag feidhmiú mar chur chun feidhme na n-oibleagáidí sin. Cé nach bhfuil na Pleananna Gníomhaíochta agus na Straitéisí sin, a glacadh de chomhthoil i measc na bpáirtithe uile sa Phrótacal, tá siad suntasach chun oibleagáidí cosantacha a léirmhíniú agus baineann nósanna imeachta leantacha agus tuairiscithe leo, agus dá bhrí sin tá éifeachtaí dlíthiúla leo faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE.

Maidir leis an tríú gníomh atá beartaithe, a bhaineann leis an athbhreithniú ar fhormáidí tuairiscithe a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 26 de Choinbhinsiún Barcelona, foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 26(2) de Choinbhinsiún Barcelona: "*Cuirfear na tuarascálacha isteach i cibé foirm agus ag cibé eatraimh a fhéadfaidh Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha a chinneadh*". Tugtar le tuiscint leis an bhfoclaíocht sin, go "*gcuirfear na tuarascálacha isteach i cibé foirm*", oibleagáid a bheith ann le haghaidh na bPáirtithe Conarthacha chun a bheith ag tuairisciú agus iad ag úsáid na formáide tuairiscithe a bhunaigh Cruinniú na bPáirtithe, agus mar sin tá an fhormáid tuairiscithe a bhunaigh Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus na Prótacail a ghabhann leis ceangailteach ó thaobh dlí de ar na páirtithe conarthacha de bhun Airteagal 26(2) den Choinbhinsiún.

Maidir leis an gceathrú gníomh atá beartaithe, eisíonn an Coiste um Chomhlíonadh maidir le forálacha Choinbhinsiún Barcelona agus na Prótacail a ghabhann leis léirmhínithe ar fhorálacha an Choinbhinsiúin agus na Prótacail a ghabhann leis. I bhfianaise go bhféadfadh moltaí an Choiste um Chomhlíonadh difear a dhéanamh, dá réir sin, do léirmhíniú fhorálacha ábhartha an Choinbhinsiúin, d'fhéadfadh siad tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais. Ciallaíonn sé sin go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla de réir bhrí Airteagal 218(9) CFAE le moltaí an Choiste um Chomhlíonadh. Dá bhrí sin, tá éifeachtaí dlíthiúla de réir bhrí Airteagal 218(9) CFAE leis na hathruithe sin ar Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Chomhlíonadh, ós rud é go ndéanann siad difear do nós imeachta cinnteoireachta comhlachta idirnáisiúnta a bhfuil sé de chumhacht aige cinntí a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo a ghlacadh.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm

---

Meánmhara a Chaomhnú, (iii) an Plean Gníomhaíochta chun Iasc Loingeánach (Chondrichthyans) sa Mheánmhuir a Chaomhnú, agus (iv) an Straitéis Réigiúnach chun an Rón Manaigh sa Mheánmhuir a Chaomhnú.

nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar na ngníomhartha atá beartaithe le cosaint an chomhshaoil.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 192(1) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 192(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2025/0333 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 24ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú agus sna Prótacail a ghabhann leis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) arna léamh i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú, a athainmníodh ina dhiaidh sin mar an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara (‘Coinbhinsiún Barcelona’), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh 77/585/CEE ón gComhairle[7] an 25 Iúil 1977 agus tháinig sé i bhfeidhm an 12 Feabhra 1978.

(2) Thug an tAontas an Prótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch sa Mheánmhuir agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis i gcrích le Cinneadh 1999/800/CE ón gComhairle[8] (‘Prótacal SPA/BD’) agus tháinig sé i bhfeidhm an 12 Nollaig 1999. Thug an tAontas an Prótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis (‘Prótacal LBS’) i gcrích le Cinneadh 1999/801/CE ón gComhairle[9] agus tháinig sé i bhfeidhm an 11 Bealtaine 2008.

(3) De bhun Airteagal 18(2), pointe (iii), de Choinbhinsiún Barcelona, féadfaidh Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis (‘Cruinniú de na Páirtithe Conarthacha’) leasuithe a ghlacadh ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis na prótacail a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

(4) De bhun Airteagal 10 de Choinbhinsiún Barcelona agus i gcomhar le hAirteagail 4, 5, 6, 8, 9, 11 agus 12 de Phrótacal SPA/BD, féadfaidh Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha cinntí a ghlacadh maidir le pleananna gníomhaíochta agus straitéisí réigiúnacha faoi Phrótacal SPA/BD.

(5) De bhun Airteagal 26(2) de Choinbhinsiún Barcelona, féadfaidh Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha an fhormáid a chinneadh ina gcuirfidh na páirtithe conarthacha tuarascálacha faoi bhráid na heagraíochta.

---

7 IO L 240, 19.9.1977

8 Cinneadh 1999/800/CE ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1999, IO L 322, 14.12.1999, lch. 1.

9 Cinneadh 1999/801/CE ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1999, IO L 322, 14.12.1999, lch. 18..

(6) De bhun Airteagail 18 agus 27 de Choinbhinsiún Barcelona, i gcomhar le Cinneadh IG 17/2 de Chruinniú na bPáirtithe Conarthacha maidir le Nósanna Imeachta agus sásraí maidir le comhlíonadh faoi Coinbhinsiún Barcelona agus na Prótacail a ghabhann leis, arna leasú, féadfaidh Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Chomhlíonadh a ghlacadh.

(7) Tá Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis, le linn an cheathrú seisiún/cruinniú is fiche a bheidh aige a bheidh ar siúl ón 2 go dtí an 5 Nollaig 2025, le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Prótacal SPA/BD; pleananna gníomhaíochta agus straitéisí réigiúnacha cothrom le dáta a forbraíodh faoi Phrótacal SPA/BD; Formáid Tuairiscithe athbhreithnithe le haghaidh chur chun feidhme Phrótacal LBS agus Rialacha Nós Imeachta cothrom le dáta an Choiste um Chomhlíonadh.

(8) Beidh éifeachtaí dlíthiúla leis na gníomhartha atá beartaithe ag Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha.

(9) Is gá, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i Cruinniú na bPáirtithe Conarthacha a bhunú.

(10) Ós rud é go dtabharfar cothrom le dáta ceanglais a bhaineann le cosaint na Meánmhara, go ndéanfar difear do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais agus go bhfeabhsófar cosaint an chomhshaoil leis na leasuithe ar na hIarscríbhinní atá beartaithe, moltar go dtacóidh an tAontas le glacadh Chinneadh comhfhreagrach Barcelona.

(11) Ós rud é, leis na pleananna gníomhaíochta agus na straitéisí réigiúnacha nuashonraithe a glacadh faoi Phrótacal SPA/BD, go gcuirfear an prótacal chun feidhme trí chosaint níos fearr a thabhairt don mhuirthimpeallacht agus go dtacófar le cur chun feidhme bheartas an Aontais sa Mheánmhuir, moltar go dtacóidh an tAontas le glacadh Chinneadh comhfhreagrach Barcelona.

(12) Ós rud é, le Formáid Tuairiscithe athbhreithnithe Phrótacal LBS, go n-éascófar obair Rúnaíocht Barcelona agus na bpáirtithe conarthacha tríd an bhfaisnéis a bheidh le tuairisciú, lena n-áirítear struchtúr na faisnéise sin, a shimpliú agus a chaighdeánú, moltar go dtacóidh an tAontas le glacadh Chinneadh comhfhreagrach Barcelona.

(13) Ós rud é gurb é is aidhm do Rialacha cothrom le dáta Nós Imeachta an Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Barcelona na rialacha a ailíniú leis na ‘Nósanna Imeachta agus Sásraí maidir le Comhlíonadh’ a ghlac an 23ú Comhdháil de na Páirtithe in 2023 agus gurb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar éifeachtacht agus feidhmiú an Choiste um Chomhlíonadh, moltar go dtacóidh an tAontas le glacadh Chinneadh comhfhreagrach Barcelona.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é a bheidh sa seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 24ú Cruinniú de na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Barcelona agus sna Prótacail a ghabhann leis (an 2-5 Nollaig 2025), tacú le glacadh na mbeart seo a leanas:

(a) leasuithe ar Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch sa Mheánmhuir;

(b) pleananna gníomhaíochta agus straitéisí réigiúnacha cothrom le dáta, a forbraíodh faoin bPrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch sa Mheánmhuir, agus an t-athbhreithniú ar na limistéir a áirítear i liosta LCSTM;

(c) formáid tuairiscithe athbhreithnithe chun an Prótacal maidir le Cosaint na Meánmhara ar Thruailliú ó Fhoinsí agus Gníomhaíochtaí ar Talamh a chur chun feidhme;

(d) rialacha nós imeachta cothrom le dáta don Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Barcelona.

Airteagal 2

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán